



# Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh **Gáinneáil ar Dhaoine**

Cearta
**íospartach**

COUNCIL OF EUROPE
CONSEIL DE L'EUROPE



**Sáraíonn gáinneáil ar dhaoine cearta an iliomad daoine san Eoraip agus níos faide i gcéin agus imríonn sí tionchar ar a saol. Tá líon na mban, na bhfear agus na leanaí atá á dtrádáil mar thráchtearraí thar teorann isteach nó ina dtíortha féin ag méadú de shíor agus iad sáinnithe i gcúinsí dúshaothraithe agus mí úsáide.**

Tá sé d'aidhm le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2008:

- gáinneáil ar dhaoine a chosc,
- íospartaigh gáinneála a chosaint,
- an dlí a chur ar gháinneálaithe, agus
- comhordú gníomhaíochtaí idirnáisiúnta agus comhair idirnáisiúnta a chur chun cinn.

Baineann an coinbhinsiún seo leis an méid seo a leanas:

- gach cineál gáinneála, idir idirnáisiúnta agus trasnáisiúnta, bíodh baint aici le coireacht eagraithe nó ná bíodh,
- gach íospartach gáinneála (mná, fir agus leanaí),
- gach cineál dúshaothraithe (gnéasach, obair nó seirbhísí éigeantais, sclábhaíocht, daoirse, baint orgán, srl.).

Is é príomh bhreisluach an choinbhinsiúin an bhéim atá aige ar chearta an duine agus ar chosaint na n íospartach. Déantar sainmhíniú sa choinbhinsiún ar gháinneáil mar shárú chearta an duine agus ionsaí ar dhínit agus ar shláine an duine. Ciallaíonn sé sin go gcuirtear an fhreagracht ar údaráis náisiúnta mura nglacann siad gníomhaíocht chun gáinneáil ar dhaoine a chosc, íospartaigh a chosaint agus cásanna gáinneála a imscrúdú go héifeachtach.

Is feiniméan domhanda í an gháinneáil ar dhaoine nach bhfuil teorainn ar bith léi, agus sin an fáth a bhfuil an coinbhinsiún ábhartha do thíortha ar fud na cruinne agus a bhfuil sé oscailte dóibh ar fad.



# CÉ HIAD ÍOSPARTAIGH NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE?

Is féidir le duine ar bith a bheith ina íospartach gáinneála – mná, fir agus leanaí, daoine de gach aois agus stádas sóisialta. Mar shampla, cuirtear iallach ar dhaoine a bhíonn ina n íospartaigh gáinneála seirbhísí gnéasacha a chur ar fáil, oibriú gan aon íocaíocht nó ar íocaíocht bheag, nó orgán a thabhairt. Go minic bíonn foréigean fisiciúil agus mothúchánach ag baint leis an dúshaothrú chomh maith le bagairtí ar na híospartaigh agus a ngaolta.

De réir an choinbhinsiúin is ionann íospartaigh gáinneála ar dhaoine agus daoine a earcaíodh, a iompraíodh, a aistríodh, ar tugadh tearmann dóibh nó a fuarthas laistigh de thír nó thar an teorainn, ach bagairt, an lámh láidir, calaois, comhéigean nó modhanna neamhdhleathacha eile a úsáid, chun críche a ndúshaothraithe.

Meastar gur íospartaigh gáinneála ar dhaoine iad leanaí is cuma má úsáideadh aon **mhodhanna** chun iad a earcú, a iompar, a aistriú, tearmann a thabhairt dóibh nó a fháil chun críche a ndúshaothraithe.

Ní bhaineann "toiliú" duine don dúshaothrú le hábhar má úsáideadh aon cheann de na **modhanna** (comhéigean, calaois, mí úsáid staid leochaileachta, srl.). Ina theannta sin, meastar gur íospartach duine fiú murar tharla an dúshaothrú go fóill, nuair a bhí sé/sí faoi réir ceann de na **gníomhaíochtaí** le húsáid ceann de na **modhanna**.

# CÉ NA CEARTA A BHÍONN AG ÍOSPARTAIGH GÁINNEÁLA FAOIN GCOINBHINSIÚN?

## Sainaithint

Caithfear íospartaigh gáinneála a shainaithint go foirmeálta mar sin chun cosc a chur le caitheamh leo mar imircigh aimhrialta nó mar choirpigh. Tugann daoine gairmiúla a gcuirtear oiliúint speisialta orthu (póilíní, oibrithe sóisialta, cigirí saothair, dochtúirí leighis, soláthraithe seirbhíse, srl.) faoin tsainaithint, agus leanannsiad nósanna imeachta agus critéir sainaitheanta a comhaontaíodh.

## Téarnamh agus tréimhse machnaimh

Fiú sula sainaithnítear íospartaigh go foirmeálta mar íospartaigh tá siad i dteideal 30 lá ar a laghad dá dtéarnamh, chun éalú ó thionchar na ngáinneálaithe agus chun cuimhneamh ar chomhoibriú leis na húdaráis nuair atá coir gháinneála á himscrúdú. I rith na tréimhse sin, ní féidir iad a dhíbirt ón tír agus tá siad i dteideal cúnaimh fiú má tá a dtréimhse sa tír aimhrialta.

## Cúnamh

Is cuma an bhfuil íospartaigh réidh le comhoibriú leis an imscrúdú coiriúil nó bheith ina bhfinné nó nach bhfuil, tá siad i dteideal an mhéid seo a leanas:

- cóiríocht chuí agus shlán,
- cúnamh síceolaíochta,
- cúnamh ábhartha,
- fáil ar chóir éigeandála leighis,
- seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta,
- comhairleoireacht agus eolas,
- cúnamh i rith imeachtaí coiriúla,
- fáil ar an margadh saothair, ar ghairmoiliúint agus ar oideachas, má tá siad ina gcónaí sa tír go dleathach.

## Cúnamh dlí

Tá íospartaigh gáinneála i dteideal eolais faoina gcearta agus faoi na nósanna imeachta ábhartha ar fad, i dteanga a thuigeann siad. Tá sé de cheart acu freisin cúnamh dlíthiúil agus saorchúnamh dlí a fháil i gcúinsí sonracha.

## Cead cónaithe

D'fhéadfaí cead cónaithe in athnuaite a thabhairt d'íospartaigh má theastaíonn a leithéid mar gheall ar a gcúinsí pearsanta nó más gá dóibh fanacht sa tír chun comhoibriú leis na húdaráis nuair atá coir gháinneála á himscrúdú. Ní chuireann seachadadh cead cónaithe isteach ar a gceart cur isteach ar thearmann.

## Cosaint an tsaoil phearsanta agus aitheantais

Ní féidir sonraí pearsanta íospartach a chur ar fáil go poiblí agus ní féidir iad a stóráil ach chun críche dlíthiúla sonracha. Ní féidir na sonraí a úsáid bealach ar bith a bhféadfaí iad a aithint uaidh.

## Cosaint i rith imscrúduithe agus imeachtaí coiriúla

Tabharfar cosaint d'íospartaigh agus dá ndaoine muinteartha, nuair is gá, ó fhrithbheart nó ó imeaglú féideartha ó na gáinneálaithe. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cosaint fhisiciúil, athlonnú, athrú aitheantais agus cúnamh le fostaíocht a fháil.

## Cúiteamh

Tá sé de cheart ag íospartaigh gáinneála cúiteamh airgeadais a fháil as damáistí a bhain dóibh mar gheall ar iompar na ngáinneálaithe. D'fhéadfadh cúirt an cúiteamh sin a bhronnadh, i ndiaidh coigistiú shócmhainní na ngáinneálaithe, nó d'fhéadfadh an stát inar tharla an dúshaothrú é a thabhairt.

## Aisdúichiú agus filleadh

Caithfear tabhairt faoi fhilleadh íospartach chuig a dtír thionscnaimh agus aird chuí ar a gcearta, a sábháilteacht agus a ndínit agus stádas aon imeachtaí dlíthiúla lena mbaineann san áireamh. Nuair a fhilleann siad, caithfear cúnamh ath imeasctha a thairiscint dóibh, ar nós oideachais agus cúnamh chun fostaíocht a fháil.

# CÉARD IAD NA CEARTA SPEISIALTA A BHÍONN AG ÍOSPARTAIGH GÁINNEÁLA AR LEANAÍ IAD?

I dteannta na gceart thuasluaite, a bhaineann le gach íospartach gáinneála, tá na cearta speisialta seo a leanas ag leanaí:

- sanntar caomhnóir dlíthiúil do leanaí neamhthionlactha chun ionadaíocht a dhéanamh orthu agus chun feidhmiú chun leas na leanaí;
- déantar bearta chun aitheantas agus náisiúnachas na leanaí a bhunú agus, más chun a leasa é, a muintir a aimsiú;
- sa chás go bhfuil aois an íospartaigh éiginnte, ach go bhfuil foras réasúnach ann a chreidiúint go bhfuil an t íospartach faoi bhun 18 mbliana d'aois, glactar leis gur leanbh é/í agus cuirtear bearta speisialta cosanta i bhfeidhm dó/di go dtí go ndeimhnítear aois an íospartaigh;
- tá leanaí i dteideal bearta cúnaimh agus oideachais a chuireann a riachtanais san áireamh;
- tugtar faoi mheasúnú riosca agus slándála roimh aisdúichiú, nach ndéanfar seachas más chun leas an linbh é;
- baineann leanaí tairbhe as bearta speisialta cosanta i rith imscrúdú agus imeachtaí coiriúla.



## CÉARD IS GÁINNEÁIL AR DHAOINE ANN?

Sainmhínítear gáinneáil ar dhaoine sa choinbhinsiún mar mheascán de thrí ghné:

- **gníomh**: earcaíocht, iompar, aistriú nó fáil daoine nó tearmann a thabhairt dóibh;
- agus **modhanna** áirithe á n úsáid: bagairt nó an lámh láidir nó cineálacha eile comhéigin, fuadaigh, calaoise, dallamullóg, mí úsáid cumhachta nó staid leochaileachta, nó íocaíochtaí nó sochair a thabhairt nó a fháil chun toiliú duine ag a bhfuil smacht ar dhuine eile a fháil;
- **chun críche dúshaothrú**: ar a laghad, dúshaothrú striapachais daoine eile nó cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh, obair nó seirbhísí éigeantais, sclábhaíocht nó cleachtais cosúil le sclábhaíocht, daoirse, nó baint orgán.

## CÉARD É AN DIFRÍOCHT IDIR GÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS SMUIGLEÁIL DAOINE?

Is é aidhm na smuigleála daoine iompar mídhleathach trasteorann chun sochar airgeadais nó sochar ábhartha eile a fháil go díreach nó go hindíreach, ach is é an dúshaothrú aidhm na gáinneála ar dhaoine. Ina theannta sin, ní gá go rachfaí thar an teorainn i gcás gáinneáil ar dhaoine; is féidir leis an ngáinneáil tarlú laistigh de thír.



# MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR CHUR I BHFEIDHM AN CHOINBHINSIÚIN

Déanann an Grúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine (GRETA) monatóireacht rialta ar na tíortha ar fad a chláraigh don choinbhinsiún seo de chuid Chomhairle na hEorpa. Is é ról GRETA a chinntiú go gcuirtear forálacha an choinbhinsiúin i bhfeidhm go héifeachtach agus go mbíonn meas ar chearta íospartach.

Bíonn GRETA i mbun anailíse ar an gcás de réir na tíre, ag cur tuarascálacha a shainaithníonn dea chleachtas agus bearnaí i dtoll a chéile, agus déanann an grúpa moltaí faoin gcaoi le cur i bhfeidhm an choinbhinsiúin i ngach tír a fheabhsú. Cuirtear na tuarascálacha agus na moltaí ar fáil go poiblí agus foilsítear iad ar shuíomh gréasáin Chomhairle na hEorpa in aghaidh na gáinneála.

## Le haghaidh teagmhála agus tuilleadh eolais

**Rúnaíocht Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine (GRETA agus Coiste na bPáirtithe)**
**Comhairle na hEorpa**
**F-67075 Strasbourg Cedex**
**An Fhrainc**
**Ríomhphost: Trafficking@coe.int**

**www.coe.int/trafficking**

THB–INF (2013)2

PREMS 180616 – GLE – © Council of Europe – Photographs © Shutterstock